

## Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bheis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais agus cóipcheart go soiléir.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dlíteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingeán chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© **Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2011**

Focal Factory agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge.

## Aidhm 2: Aghaidh a thabhairt ar Iompar Mídhleathach agus Meargánta i leith Dhlí na gCuideachtaí

### Réamhrá

Bliain dheacair a bhí i 2010 ó thaobh cúrsaí eacnamúla de agus ba léir sin ó mhéid na saincheisteanna a cuireadh faoi bhráid OSFC i rith na bliana.

### Fordhearcadh Staitistiúil ar Thuarascálacha agus ar Ghearáin

Tháinig thart ar 2,000 cás nua isteach i rith na bliana, ardú de 31% ar an líon i 2009. An comhchuid ba mó díobhsan mar a léirítear in **Aguisín 2.1**, ba ea an t-ardú de 50% ar líon na dtuarascálacha tosaigh a fuarthas ó leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha.

In ainneoin an mhéadaithe mhóir sin ar chásanna nua agus dúshlán suntasach ó thaobh oibre agus acmhainne de d'éirigh leis an Oifig níos mó ná 1,800 cás a thabhairt i gcrích i 2010, ardú de 26% ar an líon i 2009. Bhí ábhairín os cionn 1,000 cás idir lámha ag deireadh na bliana, ardú de 20% ar an líon sa bhliain roimhe. Tá breis faisnéise ar fáil in **Aguisín 2.2** ar láimhdeachas cásanna i 2010 agus in **Aguisín 2.3** ainmnítear an bonnchúis phríomha le dúnadh na gcásanna ag OSFC.

Sainítear in **Aguisín 2.4** na hearnálacha eacnamúla ar bhain na cuideachtaí dócmhainneacha a tuairiscíodh chuig OSFC i 2010 leo. Bhí 51% díobhsan in earnálacha na tógála, an mhórdhíola agus an mhiondíola rud a léiríonn go raibh na

hearnálacha sin buailte níos measa ná earnálacha eile ag an gcor chun donais eacnamúil atá anois ann.

Ba iad earnálacha an eastáit réadaigh agus an ligin ar cíos ba mhó a bhí in uachtar i dtuarascálacha iniúchóra agus i ngearáin ón bpobal agus i ngearáin eile a cuireadh chuig an Oifig i 2010 agus bhain 33% den iomlán leosan.

Feidhmiúchán cuideachtaí bainistithe maoine sealbhais ba chúis leis sin go páirteach agus ba chúis ghearáin nach beag ón bpobal é i gcónaí. Tá mionsonraí maidir leis in **Aguisín 2.5**. Is léiriú iad an 17% de ghearáin atá aicmithe sa chatagóir 'nach cuideachta ann' go mbaineann go leor gearán le daoine aonair, le hainmneacha gnó agus le trádálaithe aonair.

### Leachtuithe Sócmhainneacha agus Dócmhainneacha

Ní haon ionadh gur chuir an chor chun donais eacnamúil faoi deara go raibh méadú suntasach ar chlistí cuideachta le blianta beaga anuas. Mar léiriú dramatúil ar an tionchar a bhí aige tá méadú faoi cheathair ar líon na leachtuithe dócmhainneacha (leachtuithe creidiúnaithe agus Cúirte) ó 344 i 2007 go 1,386 i 2010. Ar an dóigh chéanna bhí ísliú de 22% i gcomórtas le líon na bliana 2009 ar leachtuithe sócmhainneacha (leachtuithe comhaltaí) agus sin é an líon is ísle le cúig bliana anuas. Sa tábla a leanas tá léiriú ar líon na leachtuithe dócmhainneacha agus sócmhainneacha a cuireadh in iúl don OCC i dtréimhse na gcúig bliana dheireanacha.

Leachtuithe	2006	2007	2008	2009	2010
Leachtuithe Creidiúnaithe	323	308	530	1,124	1,258
Leachtuithe Cúirte	31	36	83	121	128
<b>Iomlán na gCuideachtaí Dócmhainneacha</b>	<b>354</b>	<b>344</b>	<b>613</b>	<b>1,243</b>	<b>1,386</b>
Leachtuithe Comhaltaí	930	1,057	1,051	1,158	899
<b>Na Leachtuithe uile</b>	<b>1,284</b>	<b>1,401</b>	<b>1,664</b>	<b>2,403</b>	<b>2,285</b>

## Cuideachtaí Dócmhainneacha in Ainm a bheith faoi Leachtú

Tá monatóireacht á dhéanamh ag OSFC le tamall beag anuas ar chásanna ina bhfuil cuideachtaí dócmhainneacha in ainm a bheith faoi leachtú ach nach bhfuil aon leachtaitheoir ceaptha dóibh. Mar a léirítear sa tábla a leanas tá méadú faoi dhó ar chéatadán na gcásanna sin sa dhá bhliain dheireanacha agus cuimsítear thart ar 100 cuideachta nua sa chatagóir sin gach bliain.

Bliain	Fógraí Leachtaithe	Leachtaitheoirí gan bheith Ceaptha	%
2008	613	24	4%
2009	1243	106	9%
2010	1386	92	7%

Tar éis plé a dhéanamh le OSFC mheabhraigh na comhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla dá gcuid chomhaltai nár chóir dóibh freastal a dhéanamh do chuideachtaí a bhí á gcur faoi leachtú mura raibh súil acu leis go gceapfaí leachtaitheoir. Beidh OSFC ag féachaint ar na roghanna dlíthiúla agus eile atá ar fáil di chun dul i ngleic leis an gceist. Ina theannta sin cuireadh moltaí ar aghaidh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta go luath i 2011 mar gheall ar athruithe sa reachtaíocht a chuideodh chun an deacracht a réiteach. Tá an Oifig go láidir den tuairim gur chóir leachtaitheoir neamhspleách a cheapadh chun cúrsaí cuideachta dhócmhainní a foirceannadh go foirmeálta.

## Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Ghlacadóireacht

Ní hamháin go bhfuil méadú measartha ar líon na gcuideachtaí atá ag dul faoi leachtú de thoradh an choir chun donais eacnamúil ach tá méadú freisin ar an líon atá á gcur faoi ghlacadóireacht, ní nach ionadh. Den chuid is í iarracht na n-institiúidí airgeadais táillí urraithe a fhorfheidhmíú is cúis leis go gcuirtear cuideachtaí faoi ghlacadóireacht. Is dóiche ná a mhalairt freisin go bhfuil cliste ar na cuideachtaí faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil siad dócmhainneach. In ainneoin cheapachán an ghlacadóra bíonn dualgais ar stiúrthóirí i gcónaí maidir leis an gcuideachta agus ba chóir go sonrach go gcinnteodh siad go gcuirfí aon chuideachta dhócmhainneach faoi leachtú ar bhonn tráthúil. Ní chuirtear riamh ach thart ar cuideachta amháin as gach ocht gcuideachta faoi ghlacadóireacht. Tá na figiúirí ábhartha sa tábla a leanas.

Bliain	Cuideachtaí a Cuireadh faoi Ghlacadóireacht	An Líon a Cuireadh faoi Leachtú	%
2008	59	8	14%
2009	200	26	13%
2010	375	43	11%

Scríobh an Oifig chuig roinnt glacadóirí i 2010 ag meabhru dóibh na dualgais tuairiscithe reachtúla a bhí orthu i leith an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP) i ndáil le coireanna coiriúla a bhraithfeadh siad le linn dóibh a ndualgais mar ghlacadóirí a fheidhmíú.<sup>21</sup> Measadh an ghníomhaíocht sin a bheith riachtanach toisc nach rabhtas ag fáil tuarascálacha dá leithéid ó ghlacadóirí. Tá súil le OSFC go mbeidh gach glacadóir airdeallach agus go gcinnteoidh sé/sí go ndéanfar a leithéid de thuairisciú más cuí.

Ar ndóigh is iarmhairt thábhachtach an loicthe leachtaitheoir a ceapadh do chuideachta dhócmhainneach atá faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht nach ndéantar iniúchadh go ginearálta ar iompar stiúrthóirí na gcuideachtaí sin.<sup>22</sup> Tá sé soiléir ón dá tábla thuas, gan ach 2010 a chur san áireamh, nach raibh stiúrthóirí ar níos mó ná 400 cuideachta dhócmhainneach faoi réir an oiread céanna freagrachta is a bhí stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha ar ceapadh leachtaitheoirí orthu.

Tharlódh go dtionscnófaí imeachtaí dícháilithe i gcoinne líon beag de na stiúrthóirí atá i gceist ina dhiaidh sin sa chás go mbainfear a gcuideachtaí de chlár na gcuideachtaí mar gheall ar loiceadh gan tuairisceáin bhliantúla a chlárú mura mbeidh siad in ann an Chúirt a shásamh nach raibh aon dliteanais fós gan íoc ag an gcuideachta.

## Cuideachtaí Dócmhainneacha Díscailte

Cé gurb é líon na gcuideachtaí dócmhainneacha a chuirtear faoi leachtú, faoi ghlacadóireacht agus faoi scrúdaitheoireacht na hiarmhairtí is feiceálaí den chor chun donais eacnamúil, d'fhéadfadh sé go bhfuil na céadta nó na mílte cuideachta dhócmhainneach ar Chlár na gCuideachtaí ag aon am amháin atá éirithe as trádáil ach nach bhfuil fós curtha faoi leachtú.

Bainfear an chuid is mó díobh sin den Chlár in am agus i dtráth ach d'fhéadfadh dhá nó trí bhliain dul thart sula mbeadh an próiseas i gcrích. Ina theannta sin, beidh tionchar ar an méid cuideachtaí a mbainfear de Chlár na gCuideachta in aon bhliain amháin ag a ghníomhaí a bheidh OCC, na Coimisinéirí Ioncaim agus stiúrthóirí cuideachta i mbun an rogha cé acu cuideachta a bhaint den Chlár nó gan a bhaint a fheidhmíú. Tá mionsonraí sa tábla a leanas ar na cuideachtaí uile a baineadh den chlár le blianta beaga anuas ach ní dhéantar aon idirdhealú idir na ceanna sócmhainneacha agus na ceanna dhócmhainneacha.

<sup>21</sup> Alt 179 d'Acht na gCuideachtaí 1990

<sup>22</sup> De bhun Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmíú Dhlí na gCuideachta, 2001

Cineál na Cuideachta Díscailte	2006	2007	2008	2009	2010
'Bainte den Chlár ag OCC' <sup>23</sup>	5,255	4,085	5,804	5,729	6,272
'Bainte den Chlár ag na Coimisinéirí Ioncaim' <sup>24</sup>	444	149	223	142	140
'Bainte den Chlár go Deonach' <sup>23</sup>	3,757	3,975	4,542	5,428	5,488
<b>Iomlán</b>	<b>9,456</b>	<b>8,209</b>	<b>10,569</b>	<b>11,299</b>	<b>11,900</b>

## Fo-aidhm 2.1: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Mhí-iompar a Shainiú

Arís i 2010 bhain mórchuid d'obair OSFC leis an imscrúdú ar Anglo Irish Bank Corporation Ltd agus le méid mór na gcuideachtaí dócmhainneacha a bhfuil fás air i gcónaí a bhfuil athbhreithniú de dhíth orthu.

### Imscrúdú Imeachtaí ag Anglo Irish Bank

Tugadh tús áite i 2010 do na himscrúduithe leanúnacha ar Anglo Irish Bank. Faoi cheann na bliana chuir OSFC comhad imscrúdaithe a bhí mórán críochnaithe chuig an SIP maille le trí thuarascáil a bhain le ceithre ghné de na himscrúduithe. Bhain na gnéithe sin le:

- iasacht a thug Anglo i 2008 do dhuine dá stiúrthóirí. (B'ábhar an cás seo de chomhad an imscrúdaithe);
- neamhnochtadh iasachtaí áirithe stiúrthóirí sna ráitis airgeadais a d'fhoilsigh Anglo thar thréimhse roinnt bliana maille le cúrsaí gaolmhara;
- cúnadh airgeadais a thug Anglo do roinnt daoine i 2008 chun cuid dá scaireanna a cheannach;
- faisnéis a bhfuil amhras faoi go raibh sé bréagach nó míthreorach curtha in iúl i ráitis phoiblí Anglo i 2008.

Bhí thart ar 3,500 leathanach ina n-iomláine san ábhar a seoladh go dtí an SIP faoi cheann na bliana.

Bhí dréachtchomhad mór eile ina raibh roinnt míle leathanach de dhoiciméid gar do bheith críochnaithe ag deireadh na bliana 2010. Déileáilann sin freisin le cúnadh airgeadais ó Anglo chun cuid dá scaireanna féin a cheannach i 2008.

Tá OSFC feasach faoi gur chuir Biúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise (BGIC) páipéir ar fáil don SIP go deireanach i 2010 maidir leis na heilimintí d'imscrúduithe Anglo a bhain leis féin. Tá léiriú i bhfoirm soléite de phríomhghnéithe imscrúduithe reatha OSFC agus BGIC i **Léiriú 2.1.1.**

### Léiriú 2.1.1: Príomhghnéithe na nImscrúduithe Anglo

Gné 1	BGIC	Éarlaisí gearrthéarmacha de thart ar €7.4 billiún a fuair Anglo ceann i ndiaidh a chéile go deireanach i mí Mheán Fómhair 2008
Gné 2	OSFC	Aistriú tráthrialta iasachtaí áirithe stiúrthóirí Anglo go dtí institiúid eile gar do dhá tuairiscithe cinn bhliana Anglo agus ceisteanna gaolmhara
Gné 3A	OSFC	Soláthar cistí ag Anglo chun cuid dá scaireanna féin a cheannach i mí Iúil 2008 (sárú féideartha ar Alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963)
Gné 3B	BGIC	Soláthar cistí ag Anglo chun cuid dá scaireanna a cheannach i mí Iúil 2008 (mí-úsáid féideartha an mhargaidh ina gné de sin)
Gné 4	OSFC	Ábhar ráiteas airgeadais agus ráiteas poiblí eile Anglo i 2008
Gné 5	OSFC	Iasacht a thug Anglo i 2008 do dhuine dá stiúrthóirí

Níos luaithe i 2010 d'earcaigh an SIP Abhcóide chun tacú leis na himscrúduithe agus bhain an Oifig áis as an gcomhairle seachtrach sin de réir mar a theastaigh. Chuir OSFC agus foireann an Gharda faisnéisiú ar fáil don SIP agus don Abhcóide ar thrí ócáid i rith na bliana maidir leis an dul chun cinn ar na himscrúduithe leithleacha a bhí ar siúl acu.

### Sealbhú Doiciméad agus Faisnéise

Maidir le hullmhúchán na gcomhad agus na dtuarascálacha ba é an t-athbhreithniú leanúnach a rinneadh ar na milliúin de dhoiciméid Anglo agus ar dhoiciméid ghaolmhara atá i seilbh OSFC an bonn taca a bhí leis. I rith na bliana 2010 lean an Oifig léi ag sealbhú breis doiciméad go deonach nó trí úsáid a bhaint as na cumhachtaí dlíthiúla atá aici. Sa chás deireanach, chuir tionscnaimh OSFC faoi deara:

- gur eisigh an Chúirt Dúiche dhá bharántas cuardaigh;
- go ndearna an Chúirt Dúiche dhá Ordú doiciméadú bainc a thabhairt ar airde, agus

23 Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

24 Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

- gur éiligh OSFC go dtabharfaí doiciméid agus faisnéis ar airde ceithre uaire.

Den chéad uair i gcaitheamh imscrúdú Anglo thionscain OSFC ceithre iarratas faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008. Ceadáíodh na hiarratais sin. Dá dhroim sin thaisil foireann OSFC go dtí an RA ar roinnt ócáid chun freastal ar agallaimh agus ar éisteachtaí an Chúirte Giúistís mar ar fuarthas ráitis agus doiciméid. Sna cásanna ábhartha uile rinneadh orduithe sa Chúirte Giúistís trínar ceadáíodh na ráitis agus na doiciméid a thabhairt ar láimh OSFC; cuireadh ar aghaidh chuig OSFC ansin iad trín Oifig Gnóthaí Baile na RA. Bhíothas ag ullmhú méid beag faisnéise maidir le hiarratas amháin nach raibh fós tugtha ar láimh ag deireadh na bliana.

Rinne oifigigh ón nGarda atá ar iasacht ag OSFC agallaimh le thart ar 280 duine idir fhinnéithe agus dhaoine a bhfuil amhras fúthu i 2010. Bhí ullmhúchán roimh ré de dhíth i gcás gach ceann de na hagallaimh sin agus in go leor de na cásanna ainmníodh na taifid ábhartha a bhí i seilbh OSFC sa chaoi is go bhféadfadh an té a bhí faoi agallaimh míniú a thabhairt orthu nó aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach éigean eile. Cuireadh síneadh leis an tréimhse ina ndearnadh cuid de na hagallaimh sin toisc a chastacht is a bhí na cúrsaí i gceist. I gcás amháin mar shampla a bhain le ráiteas fada finné níos mhór naoi mí a chaitheamh air sula raibh sé i gcrích.

### Doiciméadú a Phróiseáil

Cuidíonn sé chun ardchaighdeán na n-agallamh a chinntiú má tá fáil ar thaifead comhtháite, inrochtana agus inrianaithe na doiciméad Anglo atá i seilbh OSFC. Bhí an Oifig gafa ar feadh 2010 le hobair próiseála ar an méid mór taifead aonair atá cuimsithe i sonraí leictreonacha Anglo. Seo a leanas na príomhthascanna próiseála a rinneadh i rith na bliana:

- réamhphróiseáil – ainmniú agus eisiáimh comhad neamhábhartha a leithéidí comhaid chórais agus comhaid feidhmchláir;
- próiseáil – ainmniú taifead teachtaireachta aonair a bhaineann le meiteashonraí agus le comhaid eile atá ceangailte le cineálacha éagsúla taifid;
- dí-dhúbláil – díbirt chóipeanna dhúbláilte den doiciméad céanna, mar shampla taifid seoltóirí agus faighteoirí ríomhphoist;
- innéacsú – d’fhonn cuardach na sonraí a éascú;
- idirghabháil de láimh – mar shampla chun doiciméad ar féidir go bhfuil siad faoi phribhléid dhlíthiúil agus dá bhrí sin taobh amuigh de raon feidhme an imscrúdaithe a ainmniú.

Obair am-íditheach a bhí san obair phróiseála; theastaigh roinnt mhaith acmhainn ríomhaireachta chuici maille le himscaradh saineolaithe ó fhoireann OSFC chun an tasc a dhéanamh. D’eascair fadhbanna ó am go chéile i 2010 agus deacrachtaí próiseála agus moill dá réir; orthu sin bhí ainmniúchán comhad a bhí criptithe nó faoi chosaint phasfhocail mar shampla. Níor mhór fanacht go bhfuarthas an pasfhocal nó an eochair dhíchriptithe sularbh fhéidir na comhaid sin a phróiseáil.

Rinneadh uasghrádú ar chrua-earra agus ar bhogearra na hOifige i mí Lúnasa 2010 chun an phróiseáil a dhéanamh níos sciobtha d’fhonn gluaiseacht a chur faoi obair phróiseála agus anailise na milliún de dhoiciméid leictreonacha Anglo a raibh seilbh glactha aici orthu. Cé go raibh an obair phróiseála ar na taifid sin i gcrích den chuid is mó i 2010 bhí foireann imscrúdaithe OSFC fós ag scrúdú na ndoiciméad a bhí ar fáil ag deireadh na bliana mar ullmhú d’agallaimh eile a bhí beartaithe.

### Maoirseacht na hArd-Chúirte ar na Sonraí Anglo ar Gabhadh Seilbh Orthu

Le linn di barántas cuardaigh a fheidhmiú ar áitreabh Anglo i mí Mheán Fómhair 2009 bhain OSFC úsáid as cumhacht leathnaithe ghabhála den chéad uair chun seilbh a fháil ar shonraí leictreonacha áirithe. Sa chás go bhfeidhmítear an chumhacht sin bíonn coinneáil na sonraí ag OSFC faoi réir mhaoirseacht na hArd-Chúirte. Go sonrach, tá sé ceadaithe de réir dlí ag an Ard-Chúirt síneadh a chur leis:

- an tréimhse thrí mhí nach mór d’oifigeach ábhartha OSFC cinneadh a dhéanamh laistigh di maidir le cé acu an mbaineann an fhaisnéis le hábhar ciona atá déanta faoi Achtanna na gCuideachtaí nó nach mbaineann agus
- an tréimhse seacht lá a bhfuil sé de cheangal ar an oifigeach an fhaisnéis a thabhairt ar ais laistigh di i ndiaidh dó/di cinneadh a dhéanamh nach mbaineann sí leis an imscrúdú.

I mí Bhealtaine 2010 rinne an Oifig iarratas ar shíntí ama ag lua méid mór an ábhair a bhí ina seilbh nach mór scrúdú a dhéanamh air. Tar éis roinnt orduithe sealadacha dheonaigh an Ard-Chúirt an 2 Iúil 2010 síntí go dtí 9 Samhain 2010 leis an dá thréimhse ama maidir leis na línte a bhain le hiarratas na hOifige.

Thuairiscigh OSFC dul chun cinn breise an 9 Samhain 2010 agus ar an mbonn sin chuir an Ard-Chúirt síneadh leis an dá thréimhse ama ar feadh sé mhí ar an dóigh a iarradh.

Ní raibh leathnú ar an gcumhacht ghabhála i gceist le haon cheann den dá bharántas cuardaigh a feidhmíodh i 2010. Dá bhrí sin cé gur gabhadh seilbh ar dhá dhoiciméad ag éirí as na barántais sin ní theastaíonn maoirseacht leanúnach na hArd-Chúirte ina leith.



## Pribhléid Ghairmiúil Dhlíthiúil (PGD)

Déileáil OSFC ar bhonn leanúnach le linn an imscrúdaithe le saincheist PGD maidir leis na doiciméid a gabhadh agus maidir le sonraí ina seilbh. Fuair an Oifig go luath i 2020 tuarascáil an Mheasúnóra neamhspleáigh a cheap OSFC agus Anglo i 2009 chun breithniú a dhéanamh ar dhoiciméid áirithe cóipe crua a raibh Anglo ag éileamh pribhléide ina leith. D'urramaigh an dá pháirtí cinntí an Mheasúnóra maidir leis na doiciméid sin agus rinne OSFC bearta chun gan ach na cóipeanna crua maille leo siúd a bhí glanta d'ábhar a bhí faoi chosaint phribhléide a choinneáil.

Chomh fada is a bhaineann sé le scrúdú leanúnach a dhéanamh ar dhoiciméadú fairsing leictreonach Anglo rinne OSFC sa chéad leath de 2010 cóimheas ar 19 bhfillteán stuailuamhain a mheas sí gur féidir go raibh said ábhartha maidir leis na himscrúduithe. Fuarthas agus imscrúdaíodh ábhar na bhfillteán; níor éiligh Anglo pribhléid dhlíthiúil ach ar roinnt beag díobh agus chinn OSFC gan dul sa choimhlint maidir leo. Faoi cheann na bliana bhí slám mór breise doiciméad leictreonach a d'fhéadfadh bheith ábhartha agus arbh fhéidir le Anglo measúnú PGD a dhéanamh ina leith ainmnithe ag OSFC.

Sa mhaoirseacht a rinne an Ard-Chúirt ar choinneáil sonraí leictreonacha Anglo arna ngabháil ag OSFC, d'éist sí i Meitheamh/Iúil 2010 na deacrachtaí praiticiúla a bhí éilimh phribhléide Anglo ag cruthú d'imscrúduithe OSFC. Tar éis an plé a chur ar atráth cúpla uair rinne OSFC agus Anglo comhaontú maidir le húsáid doiciméad Anglo ag OSFC in aon chás ina raibh éileamh ar phribhléid fós i bhfeidhm. Bhí comhaontú na bpáirtithe ar an dtráthchlár d'Ordú Ard-Chúirte an 21 Iúil 2010.

## Acmhainní

Bhí 16 Gharda móide fhoireann riaracháin, dlí, cuntasaíochta agus TF OSFC ag obair go leanúnach ag cur imscrúdaithe Anglo ar aghaidh ar feadh 2010. Sannadh beirt Gharda bhreise chun cúnaimh a thabhairt maidir le hobair OSFC sa chuid dheireanach den bhliain.

Bhí OSFC agus an Garda Síochána ag obair i ndlúthpháirtíocht lena chéile ar feadh 2010 ar na himscrúduithe Anglo a bhí ar siúl acu faoi seach. Casadh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Coimisinéir an Gharda ar a chéile dhá uair i rith na bliana agus casadh oifigigh an Stiúrthóra agus an BGIC lena chéile ar 16 ócáid eile. Ina theannta sin chuir Aonad Coiriúla Ríomhaire GBFI cúnaimh leanúnach teicniúil ar fáil do OSFC de réir mar a theastaigh.

## Cuideachtaí Dócmhainneacha – An Córas Tuairiscithe Leachtaitheora

Mar achoimre, tá ceangal dlí<sup>25</sup> ar leachtaitheoir cuideachta atá faoi leachtú dócmhainneach forléasadh na cuideachta agus iompar aon duine a bhí ina stiúrthóir uirthi sa dhá mhí dhéag sular cuireadh faoi leachtú í a thuairisciú do OSFC. Ní mór don leachtaitheoir freisin iarratas ar shrianadh<sup>26</sup> ar gach ceann de na stiúrthóirí a chur chuig an Ard-Chúirt mura scaoileann OSFC ón oibleagáid sin é/í.<sup>27</sup>

Is é príomhaidhm an chórais tuairiscithe sin tacaíocht a thabhairt do dhúdhícheall fiontraíoch freagrach. Is é aidhm atá ag gach tuarascáil idirdhealú a dhéanamh idir imthosca loiceadh gnó atá macánta agus freagrach (nach meastar aon chineál eile pionóis ar stiúrthóirí na cuideachta a bheith tuillte) agus imthosca inarbh fheasach do stiúrthóirí nó inar chóir dóibh bheith feasach faoi go raibh an cuideachta dócmhainneach nó go raibh siad ar dhóigh eile ag stiúradh chúrsaí na cuideachta ar mhodh a bhí contrártha le leasanna creidiúnaithe nó páirtithe eile nó le leas an phobail i gcoitinne.

Agus í ag comhlíonadh an róil atá aici tá súil ag an Oifig go gcuirfidh leachtaitheoirí ar fáil di an fhaisnéis uile a bhaineann le hábhar sa chaoi is ndéanfaidh sí an cinneadh cuí. Tugann sí spreagadh do leachtaitheoirí freisin moladh oiriúnach a dhéanamh maidir le faoiseamh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a n-imscrúdúchán.

Measann OSFC go bhfuil faoiseamh oiriúnach nuair a chuireann leachtaitheoir cosaint faoina bráid ar bhonn loighciúil chun tacú le dearbhú gur ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach le linn dó/di cúrsaí na cuideachta a stiúradh. Le linn di a cuid chinntí a dhéanamh is mian leis an Oifig a chinntiú nach gcuirfear gan ghá an trioblóid a bhaineann le héisteacht san Ard-Chúirt ar aon stiúrthóir sa chás go bhfuil sé léirithe go soiléir aige/aici gur ghníomhaigh sé/sí go macánta agus go freagrach le linn dó/di cúrsaí an tionscadail loicthe a stiúradh. I ndáiríre gníomhaíonn OSFC mar scagaire chun baint de raon breithnithe na hArd-Chúirte na cásanna sin nach bhfuil údar lena gcur faoina bráid.

25 Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001.

26 Sa chás go bhfuil duine aonair srianta, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an chuideachta sin ceangail chaipitlithe fósta áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, éiltear íosmhéid scairchaipitil ghlaioite de €63,487. I gcás cuideachta poiblí teoranta is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Chomh maith leis sin caithfear an scairchaipiteal glaoite a íoc ina iomláine in airgead tirim. Tá sé de chéad ag daoine aonair atá srianta áis a bhaint go leanúnach as leasanna dliteanais theoranta. Má sháraíonn pearsa srianta na coinníollacha caipitlithe áfach thiocthadh go mbeadh sé ciontairthe i gcion indiotáilte, fineáilte agus dícháilite ar feadh cúig bliana.

27 Léirítear próiseas agus raon feidhme tuairisciú leachtaitheora i dtrí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna comhlánú le Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Faisnéise I/2009/1. Tá na doiciméid sin ar fáil ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

Ar ndóigh sa chás go ndéanann OSFC cinntí maidir le ‘gan faoiseamh’ nó le ‘páirtfhaoiseamh’ a dheonú ní cinntí faoi ionrachas nó faoi fhreagracht na stiúrthóirí lena mbaineann atá i gceist agus bheadh sé míchuí dá ndéanfaí aon tatal nó aon líomhain dá leithéid. Is faoin Ard-Chúirt (tar éis fianaise leachtaitheora agus mínithe stiúrthóirí cuideachta a éisteacht) atá sé cinneadh a dhéanamh faoi ar chóir dearbhú um shrianadh a dhéanamh maidir le haon stiúrthóir cuideachta faoi leith.

## Liquidator Reports in 2010

Tá sonraí maidir le líon na dtuarascálacha leachtaitheora i 2010 in **Aguisín 2.1.1**. Fuarthas 1,688 tuarascáil leachtaitheora (1,123 i 2009). Tuarascálacha tosaigh<sup>28</sup> maidir le cuideachtaí a leachtaíodh le deireanas a bhí i 1,312 díobhsan (876 i 2009); is léiriú an t-ardú suntasach de 50% ar líon na dtuarascálacha ar na coinníollacha deacra eacnamúla.

Cuireadh 376 thuarascáil bhreise<sup>29</sup> (247 i 2009) isteach freisin; d’eascair siadsan go príomha as cinntí maidir le ‘faoiseamh ag an am seo’. Méadú de 52% a bhí i gceist agus tagann sin go ginearálta leis an méadú ar leibhéal na dtuarascálacha leachtaitheora go ginearálta.

Ba dhúshlán nach beag don Oifig é an méadú faoi thrí ar líon na dtuarascálacha tosaigh ó 406 i 2008 go 1,312 i 2010. De bhíthin cleachtais oibre inmheánacha athchóirithe agus líon teoranta d’acmhainní breise foirne d’éirigh leis an Oifig an tairgeacht sa réimse sin a mhéadú go suntasach. D’ainneoin na n-iarrachtaí sin is cúis aiféala a rá gur tharla meath ar thráthúlacht chinnteoireacht OSFC. Tá scála an mhéadaithe ar an tuairisciú maille leis an nganntanas foirne ag cur stró ar chúrsaí i gcónaí. Tá gach uile iarracht á dhéanamh ag lucht bainistíochta agus ag foireann na hOifige chun déileáil le tuarascálacha leachtaitheoirí ar bhonn tráthúil.

Le linn di monatóireacht a dhéanamh ar chur isteach tuarascálacha tosaigh agus breise i 2010 bhí ar an Oifig dul i mbun cumarsáide foirmeálta le 90 leachtaitheoir ar 303 ócáid (172 ócáid i 2009) le cur in iúl dóibh go raibh mainneachtain déanta acu maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla. Réitíodh cuid de na mainneachtain sin go pras agus ag deireadh na bliana bhí 97% de na tuarascálacha tosaigh a bhí dlite i rith na bliana faighte – 95% sa bhliain roimhe. Ag deireadh na bliana áfach bhí caingean dlí tionscanta i goinnte roinnt beag leachtaitheoirí mar gheall ar loiceadh tuarascálacha a bhí thar téarma a chur isteach. Beidh sin ina réimse a dtabharfaidh an Oifig tosaíocht dó arís i 2011.

Mheas an Oifig go raibh caighdeán na dtuarascálacha leachtaitheora a fuarthas i 2010 sásúil den chuid is mó. Is cúis buartha do OSFC caighdeán an tuairiscithe i roinnt cásanna áfach. Meastar má thagann ceisteanna chun cinn gur ceann nó níos mó de na tosca a leanas is cúis leo den chuid is mó:

- na brúnna laistigh de roinnt gnóthas leachtaitheora a eascraíonn as oiread na hoibre dócmhainní a dhéantar iontu;
- tarmligean obair dhócmhainneachta do bhaill foirne shóisearacha laistigh de ghnóthais mhóra;
- go leor daoine nua ag teacht isteach i ngairm na dócmhainneachta ar beag nó ar teoranta a dtaithí ar obair dhócmhainneachta (ar a n-áirítear lucht gairmiúil a bhfuil taithí fairsing acu ar réimsí eile a leithéidí iniúchóireacht nó dlí);
- an méadú ar leibhéal na castachta is gné de chéatadán níos mó de na cásanna leachtaithe deireanacha.

Is mar gheall ar an eispéireas sin gur theastaigh caidreamh níos dlúite idir foireann OSFC agus leachtaitheoirí i 2010 chun eilimintí dá dtuarascálacha a shoiléiriú agus chun riachtanais OSFC a shainiú. Chuir an Oifig na buarthaí a bhí uirthi in iúl freisin do na comhlachtaí gairmiúla ábhartha agus tuigtear gur mhéadaigh cuid acu leibhéal na hoiliúna a chuirtear ar cleachtóirí dócmhainneachta agus is dea-scéal é sin. Tuigtear freisin áfach nach bhfuil aon fhorbairt bhreise ar na córais mhonatóireachta atá acu le haghaidh na mball a chleachtann dócmhainneacht beartaithe ag na comhlachtaí idir seo agus forbairt agus cur chun feidhme córas ceadúnaithe reachtúil, rud atá beartaithe ach nach dóigh go mbunófar go ceann roinnt bliana.

Leanfaidh OSFC léi ag iarraidh caighdeán arda tuairiscithe a spreagadh sna caidrimh leanúnach a bheidh aici le gairm na dócmhainneachta.

## Cinntí OSFC i leith Faoisimh

Rinne OSFC cinntí maidir le 1,474 tuarascálacha leachtaitheora i 2010; is ardú de 70% sin ar an tairgeacht de 872 sa bhliain a chuaigh roimhe. Bhain 1,240 de na cinntí sin le tuarascálacha tosaigh agus bhain 234 le tuarascálacha breise. 625 cinneadh maidir le tuarascálacha tosaigh agus 247 maidir le tuarascálacha breise na figiúirí coibhéiseacha don bhliain 2009. Níl curtha san áireamh sna figiúirí sin cinntí faoi thuarascálacha deiridh toisc nach mbeifear ag iarraidh go gcuirfí iadsan isteach níos mó.

28 Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir laistigh de sé mhí ó am a cheapacháin agus i bhformhór na gcásanna is ar bhonn na tuarascála sin a dhéantar an cinneadh maidir le faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú. I roinnt cásanna deonaítear faoiseamh ‘ag an am seo’ d’fhonn imscrúduithe breise an leachtaitheora a éascú.

29 Faightear tuarascáil bhreise ó leachtaitheoir sé go naoi mí de ghnáth i ndiaidh an tuarascáil a fhaightear uaidh/uaithe níos luaithe.

Léirítear sa tábla a leanas briseadh síos ar thuarascálacha tosaigh i 2010 maille le figiúirí inchomparáide ón mbliain 2009:

Cineál an Chinnidh	2009	%	2010	%
Faoiseamh iomlán <sup>30</sup>	426	68%	871	70%
Gan faoiseamh <sup>31</sup>	41	7%	47	4%
Faoiseamh 'ag an am seo' <sup>32</sup>	149	24%	306	25%
Páirtfhaoiseamh <sup>33</sup>	9	1%	16	1%
<b>Iomlán</b>	<b>625</b>	<b>100%</b>	<b>1,240</b>	<b>100%</b>

Gnéithe den tábla seo ar fú aird a thabhairt orthu is ea an t-ardú beag ó 68% go 70% ar na cinní um 'fhaoiseamh iomlán' idir 2009 agus 2010, an laghdú ó 7% go 4% ar chéatadán na gcinní 'gan faoiseamh' agus an méadú beag ó 24% go 25% ar na cinní um 'fhaoiseamh ag an am seo'.

Is léiriú an méadú dara-luaite ar mhéid agus ar chastacht roinnt de na cásanna leachtaithe reatha a chuir faoi deara go raibh ar leachtaitheoirí síneadh ama a iarraidh chun deireadh a chur lena n-imscrúduithe. Ar an dóigh chéanna bhí ar OSFC cinneadh deifnídeach maidir le faoiseamh a chur ar atráth in amanna toisc castacht roinnt de na tuarascálacha ar ghá don fhoireann staidéar a dhéanamh orthu, toisc gur ghá dóthain ama a thabhairt do leachtaitheoirí chun ceisteanna na hOifige a fhreagairt agus toisc méid na dtuarascálacha idir lámha.

Tá liostaí iomlána na gcuideachtaí ar deonaíodh 'faoiseamh iomlán' agus faoiseamh 'ag an am seo' ina leith i 2010 i bhFógra Faisnéise OSFC Uimh. I/2011/1 ar shuíomh idirlín OSFC ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

### Córas Tuariscithe an Chomhlachta Iniúchóra agus Cuntasáochta

Tá ceangal dlí ar iniúchóirí cásanna ina bhfuil amhras faoi chion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a ghoineann a n-aire i gcúrsa iniúchta ar chuideachta a thuiriscíú do OSFC.<sup>34</sup>

30 Deonaíodh 'faoiseamh iomlán' i gcásanna a raibh OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

31 Níor deonaíodh faoiseamh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, nach raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

32 Deonaíodh faoiseamh 'ag an am seo' i gcásanna ina raibh OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúinsí ba chúis le forléasadh na cuideachta a imscrúdú mar ba chúí. Cuireann an OSFC ceangal ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuarascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua maidir le faoiseamh ina dhiaidh sin.

33 Deonaíodh 'páirtfhaoiseamh' nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

34 Faoi Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990 arna chur isteach ag Alt 74 d'Acht um Fhorfeidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 agus ina dhiaidh sin arna leasú ag Alt 37 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasáocht) 2003 agus ag Alt 73 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

I gcomhar leis na comhlachtaí aitheanta cuntasáochta tháirg OSFC treoir maidir leis an oibleagáid tuairiscithe seo a thabharfaidh cúnaimh d'iniúchóirí an dualgas tábhachtach poiblí sin a chomhlíonadh.<sup>35</sup>

Baineann a macasamhail d'oibleagáid tuairiscithe le comhlachtaí cuntasáochta gairmiúla agus iad ag feidhmiú a bhfeidhmeanna araíonachta.<sup>36</sup>

### Tuarascálacha Chomhlachtaí Iniúchóra agus Cuntasáochta i 2010

I 2010 fuair an Oifig 194 tuarascáil ó iniúchóirí agus ó chomhlachtaí cuntasáochta maidir le cásanna ina raibh amhras faoi shárú Dhlí na gCuideachtaí (íslíu de 18% é sin i gcomórtas leis an 237 a fuarthas i 2009). Tuairiscíonn iniúchóirí go raibh líon na gcionta sách beag, rud a thagann leis an taithí ar na blianta roimhe. Arís eile ba chion amháin (idirbhearta mídhleathacha stiúrthóirí) a bhí ina ábhar do thromlach na dtuarascálacha (70% i 2010) agus bhí cion eile (loiceadh leabhair chúí chuntas a choinneáil) ina mhionlach suntasach (17% i 2010). In **Aguisín 2.1.2** liostaítear teagmhais na bpríomhchásanna a tuairiscíodh i 2010 ina rabhthas amhrasach faoi chion agus déantar comparáid idir iad agus a macasamhail de chásanna i 2009.

### Idirbhearta Mídhleathacha Stiúrthóirí

Cuireann tuarascálacha iniúchóirí agus faisnéis eile a bhfuil fáil uirthi ag an Oifig in iúl go bhfuair stiúrthóirí iasachtaí mírialta de nach mór €85 milliún óna gcuideachtaí i 2010.<sup>37</sup> Ba laghdú é sin ar an €162 milliún a bhí i gceist i 2009 agus is cúis áthais é. Bhí iasachtaí de níos mó ná €1 milliún i gceist in 18 gcinn de na cásanna i 2010 agus bhain siadsan le €62 milliún den iomlán. Ós rud é nach ndéantar iniúchadh ar gach cuideachta áfach is dóigh go bhfuil scála na n-iasachtaí i bhfad mó ná an €85 milliún a luaitear.

35 Fógra Cinnidh D/2006/2 – Treoir Athbhreithnithe faoin Dualgas ar Iniúchóirí Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Chionta Indíotáilte a thuiriscíú don Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach. Forlíonadh sin le deireanas le Fógra Eolais I/2009/4 – Cionta i gcoinne Dhlí na gCuideachtaí a Thuiriscíú: Faisnéis d'Iniúchóirí.

36 Alt 58 den Acht um Fhorfeidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (maidir le leachtaitheoirí agus glacadóirí) agus Alt 192(6) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 73 den Acht um Fhorfeidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001) (maidir le comhaltaí an chomhlachta go ginearálta) a bhaineann go príomha le cásanna ina bhfuil amhras faoi chionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí.

37 Alt 31 agus forálacha gaolmhara d'Acht na gCuideachtaí 1990.



Mar a tharla sna blianta a roimhe seo ghníomhaigh an Oifig ar mhaithe leis na creidiúnaithe le stiúrthóirí a spreagadh chun na hidirbhearta is sáruithe a chur ina gceart trí airgead a aisíoc don chuideachta nó trí na méideanna a bhí fós gan íoc a choinneáil taobh istigh de na teorainneacha a cheadaítear faoi dhlí na gcuideachtaí ar chaoi eile. Réitíodh formhór na gcásanna ar an dóigh sin gan trioblóid agus tugadh rabhadh do 177 stiúrthóir maidir lena n-iompar uaidh sin ar aghaidh. Coimeádann an Oifig an ceart gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlíthiúla a thionscain i gcoinne stiúrthóirí in aon chás a mheastar a bheith oiriúnach.

### Loiceadh Leabhair Chúí Chuntas a Choinneáil

Sa chás go bhfaightear tuairisc ar loiceadh leabhair chúí chuntas a choinneáil gabhann an Oifig i mbun caidrimh gach tráth d'fhonn tromchúiseacht na mainneachtana a fháil amach.<sup>38</sup> Tugann an Oifig rabhadh do na stiúrthóirí ábhartha go tráthrialta d'fhonn a chinntiú nach dtarlóidh a mhacasamhail d'easnamh riaracháin ina gcuideachta in athuair. Tugadh rabhadh do níos mó ná 60 stiúrthóir i 2010.

### Caighdeán Iniúchta

Sa chaidreamh a bhíonn aici leis na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus sna Tuarascálacha Bliantúla a ndeachaigh roimhe seo léirigh OSFC a míshástacht go bhfuil an dá chion thuasluaite in uachtar go leanúnach i dtuarascálacha iniúchóirí in ainneoin go bhfuil breis is céad chion intuairiscithe faoi Achtanna na gCuideachtaí. Níor mhór don Oifig in amanna leordhóthaineacht thuarascálacha na n-iniúchóirí a cheistiú sa mhionlach de chásanna a raibh cúis acu lena gcíoradh. Léirigh OSFC an t-eispéireas seo le linn dí freagra a thabhairt ar cheist chaighdeán iniúchta arna cuireadh ag Coimisiún na hEorpa sa Pháipéar Glas a d'eisigh siad faoi Pholasáí Iniúchta le deireanas. (Pléitear an Páipéar sin freisin sa roinn a chuaigh roimhe seo sa Tuarascáil Bhliantúil seo.) I **Léiriú 2.1.2** tá an sliocht ábhartha ó aighneacht OSFC chuig an gCoimisiúin faoin ábhar sin.

### Léiriú 2.1.2: Trácht OSFC faoi Chaighdeán Iniúchta, Nollaig 2010

Tugann an taithí atá againn ar obair iniúchóirí i gcomhthéacs na ndualgas reachtach tuairiscithe atá orthu agus an taithí eile atá againn ar a gcuid oibre le tuiscint dúinn go bhfuil foras ann chun comhsheasmhacht agus chun caighdeán na hoibre iniúchta laistigh dá ngairm a cheistiú. Ós rud é nach bhfuil aon ról maoirseachta díreach againn maidir le hiniúchóirí agus lena gcuid oibre ní féidir linn trácht údarásach a dhéanamh maidir leis an obair sin. Adhmaimid freisin maidir leis an dualgas faoi dhlí chuideachta na hÉireann atá ar iniúchóirí cásanna ina bhfuil amhras faoi shárú tromchúiseach an dlí sin a thuairisciú do OSFC gur iarmhairt seachas cuspóir na hoibre iniúchta atá ann. In ainneoin sin creidimid go gcuideoidh na tuairimí a nochtar thíos leis an gCoimisiún.

De réir an taithí atá againn:

- ní thuairiscíonn iniúchóirí dúinn ach roinnt beag cineálacha ciona faoi dhlí na gcuideachtaí. Mar shampla tipiciúil baineann níos mó ná 75% den 200 tuarascáil a chuirtear chugainn go bliantúil le haon chion amháin, is é sin stiúrthóirí ag fáil iasachtaí óna gcuideachtaí ós cionn na dtéorainneacha atá leagtha síos. Baineann thart ar 12% de na tuarascálacha le cion eile (loiceadh leabhair chúí chuntas a choinneáil). Roinnt beag cionta eile a bhí i gceist leis an gcuid eile. Ach tá níos mó ná chéad chion intuairiscithe faoi Achtanna na gCuideachtaí. D'fhonn a chinntiú go mbainfeadh níos mó éagsúlacht le réimse na gcionta a thuairiscítear d'fhoilsíomar treoir i gcomhar leis na comhlachtaí cuntasaíochta ábhartha inar liostaíodh 13 chion ar chóir gurbh fhusa d'iniúchóirí iad a bhrath mar chuid den iniúchadh a dhéantar ar ráitis airgeadais cuideachta. Go n-uige seo ní dharna an treoir aon athrú ábharach ar mhúnlaí tuarascálacha iniúchóirí chuig OSFC;
- feictear dúinn go gcomhlíonann roinnt gnóthas iniúchóireachta a ndualgas tuairiscithe inár leith níos minice ná a macasamhail eile de ghnóthais iniúchóireachta. Maidir le fócas an Pháipéir Ghlais beidh sé ina údar spéise don Choimisiún go gcuireann na gnóthais a nglaoitear an 'Big Four' orthu méid fíorbheag de thuarascálacha isteach. Deich dtuarascáil a fuarthas ón 'Big Four' go dtí seo i 2010; is ionann sin agus thart ar 5% de na tuarascálacha uile a fuarthas;
- sa mheasúnú a rinneamar ar thuarascálacha ar chuideachtaí dócmhainneacha a chuir leachtaitheoirí isteach ní rud neamhchoitianta é go mbíodh an tuarascáil iniúchóra ba dheireanaí a rinneadh ar an gcuideachta neamhcháilithe, in ainneoin go ndealraíonn sé go raibh nochtadh nó míniú in easnamh maidir le deacrachtaí gnó ba léir a bhí ann. Ar an dóigh céanna is le réasún a bhímid amhrasach in amanna faoi cibé acu an bhfuil iniúchóirí sách cumasach chun oiriúnacht an choincheapa an 'ghnóthais leantaigh' a cheistiú i ráitis airgead chuideachtaí ar léir go bhfuil deacrachtaí airgeadais ag baint leo nó nach bhfuil.

Ina theannta sin bhí orainn caighdeán na hoibre iniúchta agus na dtuarascálacha iniúchóra a d'eisigh baill na gairme a cheistiú go rímhínic i gcúrsa na hoibre ginearálta imscrúdaithe a bhí á dhéanamh againn. Ba é an toradh a bhí air sin in amanna gur adhmaíodh an locht agus go ndearnadh athchóiriú ar na tuarascálacha iniúchóra a eisíodh má ba chúí. I gcásanna a nochtamar fianaise ar dhroch-caighdeán iniúchta ba é an cur chuige a ghlacamar an bhuaire a chur in iúl don chomhlacht cuntasaíochta aitheanta ábhartha agus d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

38 Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

## Pearsana Neamhcháilithe ag gníomhú mar Iniúchóirí

Arís i 2010 fuair OSFC roinnt beag gearán ó na comhlachtaí cuntaisíochta aitheanta agus ó iniúchóirí aonair maidir leis an gcleachtas pearsana neamhcháilithe a bheith ag gníomhú mar iniúchóirí. Ó tharla gur mhian leis an Oifig a chinntiú nach mbaintear den chaighdeán iniúchta tugadh tosaíocht do na gearáin sin a oiread agus ab fhéidir. Mar a chuirtear in iúl thíos ionchúisíodh ceann de na cásanna sin go rathúil i rith na bliana agus i gcás eile bhíothas fós ag feitheamh go ngearrfaí pianbhreith ar an té a bhí cúisithe ag deireadh na bliana.

## Gearáin Phoiblí agus Braith eile

Murab ionann agus leachtaitheoirí, iniúchóirí, agus comhlachtaí cuntaisíochta a bhfuil ceangal dlí orthu in imthosca áirithe tuarascáil a chur chuig OSFC, is próiseas deonach amach is amach atá i gceist le gearáin ón bpobal agus ó eintitis eile. D'fhéadfadh sé go bhfuil forálacha maidir le comhroinnt faisnéise ina reachtaíocht riaracháin féin ag rialaitheoirí Stáit eile a dhéanann an tuairiscíú níos fusa dóibh. Coinníonn an Oifig súil ar cheisteanna a bhaineann leis an gcúram i leith dhlí na gcuideachtaí atá uirthi trí mhonatóireacht a dhéanamh ar thuairiscí sna meáin agus ar fhoilseacháin eile.

## Gearáin Phoiblí agus Braith eile i 2010

Bhí méadú go dtí 459 i 2010 ar líon na ngearán ón bpobal agus ar bhraith eile; is ardú sin de 13% ar fhigiúr na bliana 2009. Ba bheag athrú tríd is tríd a bhí ar chineál na mainneachtanaí a tuairiscíodh mar is léir ó **Aguisín 2.1.3**. Ní haon ionadh sna himthosca deacra eacnamúla atá anois ann go raibh méadú mór ar ghearáin faoi iompar stiúrthóirí (ardú de 47% ar an líon i 2009) agus faoi fhiacha gan íoc (ardú de 68% ar líon na bliana 2009). Sa chás deireanach mhol OSFC do ghearánaithe dul sa tóir ar leighis dlí ar a gconlán féin chun airgead a bhí dlite dóibh a fháil ar ais nuair nach raibh sé soiléir go raibh aon sárú ar dhlí na gcuideachtaí.

Arís i 2010 bhain cuid mhaith de na gearáin a ndearnadh measúnú orthu le cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta. Is minic gur cuideachtaí iadsan a bhfuil cuspóir sóisialta, pobail nó poiblí áirithe acu. Mar shampla as na 75 gearán a tháinig isteach i dtaobh cuideachtaí bainistithe maoinne sealbhais bhain 33 cás le srianadh ar chearta comhaltaí freastal a dhéanamh ar chruinnithe ginearálta agus bhain naoi gcás le loiceadh ráitis airgeadais iniúchóra a sholáthar dóibh. D'ardaigh roinnt de na gearáin sin saincheisteanna nach de shainchúram na hOifige iad (a leithéidí leibhéal na muirear seirbhíse agus leithdháileadh na limistéar comóna san fhorbairt maoinne sealbhais ar an gcuideachta bhainistithe gan bheith déanta). Dúnadh 81 gearán i dtaobh cuideachtaí bainistithe maoinne sealbhais i 2010.

Bhain éagsúlacht le tréithe agus le castacht cuid mhaith de an gearáin phoiblí. Is léiriú méid mór na ngearán atá cuimsithe sa chatagóir 'Eile' in **Aguisín 2.1.3** gur mhinic a bhí an gearán tosaigh mínithe i dtéarmaí an-ghinearálta.

Ag an am céanna bíodh cúis leis an gcasaid i leith feidhmiúchán cuideachta nó ná bíodh is léargas iad na gearáin ón bpobail go minic ar leordhóthaineacht Achtanna na gCuideachtaí ag leibhéal an ghnáthshaoránaigh. Eascraíonn an plé anseo thíos ar cheisteanna ar dhéileáil an Oifige leo as na gearáin sin den chuid is mó.

## Easnamh maidir le Ráitis Airgeadais Iniúchta a chur i gCúrsaíocht

Mar a chuirtear in iúl thuas is minic a fhaigheann OSFC gearáin ón bpobal nach gcuirtear Ráitis Airgeadais Iniúchta chuig comhaltaí cuideachta chun tosaigh ar chruinniú ginearálta bliantúil (CGB) na cuideachta nó go gcuirtear i gcúrsaíocht iad chuig comhaltaí go ródheireanach. Cuireann sin na gearánaithe atá i gceist faoi mhíbhuntáiste go minic toisc go gcuireann sé srian orthu maidir le staidéir a dhéanamh ar ráitis airgeadais agus maidir le míniú a iarraidh ar stiúrthóirí ag an CGB. I **Léiriú 2.1.3** tá cur síos ar chás cuideachta suntasaí a d'iarr i 2010 an teacht timpeall a rinne sí ar an tréimhse fógra 21 lá atá sonraithe sa dlí a chosaint.

### Léiriú 2.1.3: Ráitis Airgeadais Iniúchta le cur i gCúrsaíocht chuig Comhaltaí

Tá dualgas ar stiúrthóirí faoi Alt 159(1) d'Acht na gCuideachtaí 1963 a chinntiú go gcuirtear Ráiteas Airgeadais Iniúchta Chuideachta agus doiciméadú áirithe eile chuig comhaltaí 21 lá ar a laghad roimh chruinniú ginearálta bliantúil (CGB). Is foráil thábhachtach í sin atá ceaptha dul chun leasa comhaltaí cuideachta agus iad a chosaint trí chinnte a dhéanamh de go mbeidh leordhóthain ama acu chun staidéar a dhéanamh ar chuntais na cuideachta.

Bhain an gearán seo le sárú dlí ag cuideachta ráthaíochta a raibh clár comhardaithe de roinnt milliún Euro aici. Rinne OSFC imscrúdú agus fuair amach nach raibh an fhaisnéis a theastaigh tugtha do na comhaltaí in am. Cé go gceadaítear do na comhaltaí faoi Alt 159(3) tréimhse fógra níos giorra a dhéanaim bailí trí vóta d'aon ghuth ag an CGB fuarthas amach nár tharla sin. Thug an Oifig an t-eiteach freisin do dhearbhu na cuideachta nár sáraíodh Alt 159(1) toisc go raibh sé ceadaithe in Airteagail Chomhlachais faofa na cuideachta tréimhse fógra níos giorra a thabhairt.

Mhínigh OSFC don cuideachta nárbh fhéidir le vóta thromlach na gcomhaltaí Alt 159(1) a easáitiú i gcaoi a gceanglódh aon cheann nó gach ceann de chruinnithe ginearálta na cuideachta agus gach duine dá comhaltaí todhcháíochas as sin amach. Tar éis breis mhachnaimh a dhéanamh ghlac an cuideachta le dearcadh OSFC agus ghlaoth cruinniú ginearálta bliantúil breise d'fhonn an dlí infheidhme a chomhlíonadh.

## Easnaimh i dTuairiscíú Iniúcháirí

Is cúis iontais do OSFC go tráthrialta go ndéanann iniúcháirí féin botúin bhunúsacha in amanna agus iad ag cur iniúchadh i gcrích. Lorgaíonn OSFC soiléiriú ó iniúcháirí go tráthrialta maidir leis na cúrsaí atá siad a cheistiú agus má mheasann sí go bhfuil seans ann go bhfuil caighdeán iniúchta curtha i gcontúirt cuireann sí sin in iúl do chomhlacht gairmiúil an iniúcháora freisin. I 2010 chuir an Oifig 19 chás faoi bhráid comhlachtaí gairmiúla lena meas (15 i 2009). Is sampla amháin é **Léiriú 2.1.4** de na cásanna sin.

### Léiriú 2.1.4: Tuairimí Iniúchta Fabhtacha maidir le Ráitis Airgeadais Chuideachta

Is cuideachtaí poiblí an chuid is mó de chuideachtaí bainistithe úinéirí maoin chónaithe agus tá ceangal orthu dá réir a gcuntais a chur faoi iniúchadh cleachtóra cáilithe oiriúnaigh. Le linn di gearán i dtaobh cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais a imscrúdú i 2010 tháinig OSFC ar an eolas go raibh iniúcháirí ag ceangail tuairimí iniúchta uireasacha le ráitis airgeadais roinnt cuideachtaí bainistithe i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Rinne OSFC imscrúdú agus dá thoradh sin thaispeáin sé:

- nach raibh an t-iniúcháir feasach faoi go raibh sé ag iniúchadh cuideachta a bhí faoi theorainn ráthaíochta – shíl sé gur chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna a bhí inti;
- bhí ráiteas cuimsithe sa tuairim iniúchta aige maidir leis an dualgas ar chuideachta cruinníú ginearálta urghnách a thionól i gcás cailteanas tromchúiseach caipitil. Ní bhaineann sin le cuideachta ráthaíochta áfach;
- bhí an tuairim iniúchta a bhí ceangailte leis na ráitis airgeadais neamhiomlán sa mhéid is nach raibh sé luaite inti cibé acu ar coinníodh leabhair chúí cuntais nó nár coinníodh.

Chuathas i mbun caidrimh leis an iniúcháir agus réitíodh ina dhiaidh sin gach mainneachtain agus cuireadh gach cuideachta i riocht is go raibh sí ag comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí. Measadh áfach go raibh an uireasa ghairmiúil a nochtadh OSFC sách tromchúiseach go raibh údar ann chun í a chur faoi bhráid chomhlacht gairmiúil an iniúcháora. Ag ceann na bliana 2010 bhí an comhlacht ag iniúchadh an cháis.

## Fiúntas Iniúchadh Cuideachta

Níor chóir ar an dtaobh eile iniúchadh maith a chuidíonn le riarachán éifeachtúil corparáideach a mheas faoina fhiúntas. I 2010 chuir OSFC deireadh lena cuid breithniúcháin ar chuideachta nach ndearnadh iniúchadh uirthi. Rinneadh OSFC idirghabháil agus i ndiaidh na hidirghabhála agus cur i gcrích an iniúchta bhí cuma thar bheith difriúil ar staid chúrsaí na cuideachta. Tá na sonraí ar fáil i **Léiriú 2.1.5**.

### Léiriú 2.1.5: Iarmhairtí is Féidir Bheith Ann Má Chuirtear Muinín i gCúntais Neamhiniúchta

Níl aon teidlíocht ag cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta díolúine ó iniúchadh a éileamh agus ní mór mar sin iniúchadh a dhéanamh orthu ar bhonn bliantúil. I 2010 dhéileáil OSFC le cuideachta ráthaíochta a chláraigh cuntais neamhiniúchta go mícheart le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Carthanas a bhí sa chuideachta agus bhí sé ag fáil maoiniú ón Stát.

Chuaigh an Oifig i dteagmháil le Rúnáí na cuideachta d'fhonn cúrsaí a thabhairt faoi rialú. I ndiaidh do ghnóthas gairmiúil iniúcháirí iniúchadh a dhéanamh fuarthas léargas ar roinnt rudaí. Ba léir go raibh míthuiscint thromchúiseach ag na stiúrthóirí ar staid airgeadais na cuideachta. Mar iarmhairt an choir sin sa scéal d'éirigh roinnt de na stiúrthóirí as oifig agus rinne an ghníomhaireacht íochta deontais idirghabháil.

Áirítear ar na príomhrudaí a nochtadh san iniúchadh:

- ainmníodh 'idirghníomhaíochtaí páirtí gaolmhair' idir an chuideachta agus beirt dá stiúrthóirí sna cuntais iniúchta. Bhí na stiúrthóirí sin ina stiúrthóirí freisin ar chuideachta eile a raibh tairiscint rathúil curtha isteach aici chun áitreabh na cuideachta ráthaíochta a thógáil. Bhí sé luaite sna cuntais neamhiniúchta nár tharla aon idirghníomhaíocht leis na stiúrthóirí i gcaitheamh na tréimhse airgeadais ábhartha;
- chuir na hiniúcháirí mír 'béim ar ábhar' ina dtuarascáil toisc nach raibh ann do chead phleanála le haghaidh áitreabh na cuideachta. Cuireadh in iúl sa tuarascáil go raibh éiginnteacht ann fós faoin toradh cé go raibh bearta á ndéanamh chun an cheist a réiteach. Luadh inti freisin nach ndearnadh soláthar fós sna cuntais chun aon deontais Stáit a íoc ar ais dá mb'fhéidir é. Bhí na cuntais neamhiniúchta tostach maidir leis an gceist sin;
- ainmníodh neamhréireachtaí eile sa chomparáid a rinneadh idir na cuntais iniúchta agus na cuntais neamhiniúchta agus orthu sin go raibh easnamh seachas farasbarr sna cúlchistí ioncaim, go raibh leibhéal na bhfiachóirí níos ísle sna cuntais iniúchta agus nach raibh san ioncam ó dheontais ach codán den mhéid a cuireadh in iúl i gcéaduair.

## Stiúrthóirí Dícháilithe agus Srianta

Rinne OSFC monatóireacht i 2010 ar chlár na stiúrthóirí dícháilithe agus srianta lena chinntiú nach raibh na pearsana i gceist ag gníomhú mar stiúrthóirí i gcónaí de shárú ar an dlí. Tugtar tús áite don réimse imscrúdúcháin sin i gcónaí agus téitear i mbun gníomhaíochtaí forheidhmíthe i gcásanna cuí d'fhonn ionrachas an chórais dícháiliúcháin agus srianta a choinneáil slán. Is maith an rud nach raibh aon tionscnamh dá leithéid de dhíth i rith na bliana.

## Cuideachtaí Dócmhainneacha Díscailte

Ba mhór ag OSFC thar aon rud eile fianaise a fháil ar 'chuideachtaí athbheochana' agus ar chleachtais fhaillíocha eile arb é an gnáth-thoradh a bhíonn orthu go nglacann cuideachta nua seilbh ar shócmhainní agus ar ghnó (ach ní ar dhliteanais) cuideachta loicthe i dtreo is:

- go saobhtar an iomaíocht sa mhargadh gnó infheidhme toisc go dtairbhíonn an chuideachta de chostais níos ísle ná costais an mhargaidh (mar shampla trí neamhíocaíocht chreidiúnaithe agus/nó na gCoimisinéirí Ioncaim). Dá thoradh sin d'fhéadfadh an ciontóir buntáiste míchothrom iomaíochta a bhaint amach i láthair an mhargaidh;
- go bhfulaingíonn creidiúnaithe cailteanas airgeadais agus gur féidir go gclisfidh ar chuid acu dá bharr, agus
- nach mbíonn dliteanas pearsanta ar stiúrthóirí i ndáil le cailteanais tráchtála nó go mbíonn bealach éalaithe eile acu ó fhreagracht as loiceadh na cuideachta.

Dhírigh OSFC a haird ar bhonn leanúnach i 2010 ar chuideachtaí dócmhainneacha ar thréig a stiúrthóirí iad agus ar baineadh de Chlár na gCuideachtaí ina dhiaidh sin iad as siocair loicthe tuairisceáin bhliantúla a chlárú. Tá sé de rogha ag OSFC iarratas ar dícháiliúcháin maidir leis na cuideachtaí sin a baineadh de chlár na cuideachtaí a chur chuig an Ard-Chúirt<sup>39</sup>. Ach foráiltear sa dlí<sup>40</sup> freisin nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú má léiríonn an té sin don Chúirt nach raibh aon dliteanais ag an cuideachta tráth ar baineadh den Chlár í nó go raibh na dliteanais a bhí uirthi diúscartha roimh thionscnamh an iarratais ar dhícháiliúchán. Agus breithniú á dhéanamh aici ar cén pionós ba chóir a fhorchur, féadfaidh an Chúirt na stiúrthóirí a shrianadh i gcás go mbreithníonn sí nach bhfuil údar leis an dícháiliúchán.

Ní thagann caingne Cúirte i gceist i gcás gach cuideachta a bhaintear den Chlár agus a ndéanann an Oifig imscrúdú uirthi áfach. I roinnt cásanna cuireann na hiarstiúrthóirí cúrsaí faoi rialú tríd an cuideachta atá bainte den Chlár a chur ar ais ar an gClár. Mar chuid den nós imeachta sin ullmhaítear agus cuirtear isteach chuig an OCC na tuairisceáin bhliantúla uile atá fós gan bheith curtha isteach, íoctar na táillí a gearradh de bharr an chláraithe ródheireanaigh agus sa chás go bhfuil an chuideachta bainte den Chlár ar feadh níos mó ná bliain amháin iarrtar go foirmeálta ar an Ard-Chúirt an chuideachta a chur ar ais ar an gClár.

I cásanna eile bíonn na hiarstiúrthóirí in ann OSFC a shásamh go raibh na dliteanais uile réitithe an tráth ar baineadh an chuideachta den Chlár nó sular cuireadh tús leis na himeachtaí Cúirte a bhí beartaíte. Chuige sin éilítear de ghnáth go n-ullmhaítear agus go gcuirtear isteach cuntais chuí, cuntais a théann na blianta siar go minic, ina dtaispeántar trádáil na cuideachta sa tréimhse ó cuireadh an tsraith dheireanach chuntas chuig an OCC nó ó rinneadh an t-ionchorprú i gcásanna nár cuireadh cuntais isteach riamh chuig an OCC. Éilítear ar na hiarstiúrthóirí freisin go dtaispeánfaidh siad go bhfuil na creidiúnaithe uile íoctha nó go bhfuil na fiacha sin atá amuigh réitithe agus is minic a iarrtar fíorú neamhspleách maidir leis sin ar chreidiúnaithe aonair.

I 2010 rinneadh imscrúdú ar 79 cás a bhain leis na céadta cuideachta a bhí bainte den Chlár. Measadh nach raibh 51 acu sin oiriúnach do chaingean dlí nó maireann said faoi imscrúdú fós. Sna 28 cás eile tionscnaíodh imeachtaí dícháiliúcháin nó bhíothas ag déanamh machnaimh orthu ar bhonn leanúnach ag deireadh na bliana. Tá sonraí breise sa chéad chuid eile den Tuarascáil seo.

Rinne OSFC imscrúdú freisin ar 850 breith i gcoinne cuideachtaí. Cinneadh go raibh údar maith ag an Oifig chun imscrúduithe a dhéanamh ar 139 cinn de na cuideachtaí sin agus beidh siadsan freisin ina n-ábhar d'fhiosrúcháin leanúnacha féachaint arbh fhéidir imeachtaí dícháiliúcháin a thionscnamh i gcoinne a stiúrthóirí in am agus i dtráth.

I gcás cuideachta ar bith a bhaintear de Chlár na gCuideachtaí, beidh na sócmhainní atá fágtha inti dílsithe don Aire Airgeadais de réir fhorálacha na n-Achtanna Maoine Stáit. Maidir le cuideachta a n-aithnítear go raibh sócmhainní suntasacha aici an tráth ar baineadh den Chlár í is é polasaí OSFC aird na Roinne Airgeadais a tharraingt uirthi le go ndéanfar beart cuí ina leith.

I bhfianaise iarmhairtí ionchasacha tréigean cuideachtaí dócmhainneacha do stiúrthóirí, ba chóir go mbeadh sé de chríonnacht acu dianmhachnamh a dhéanamh agus a gcuideachta a chur faoi leachtú go foirmeálta nó socrú a dhéanamh le go mbainfí den Chlár í go deonach.

39 Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 42(b)(ii) d'Acht na bliana 2001).

40 Alt 160(3A) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 42(c) d'Acht na bliana 2001).



## Fo-Aidhm 2.2: Achtanna na gCuideachtaí a Fhorfheidhmíú i gcás Sáruithe Tromchúiseacha

### Réamhrá

I 2010 thionscain an Oifig caingne forfheidhmithe idir sibhialta agus choiriúla trí na Cúirteanna maidir le roinnt cásanna ina raibh amhras faoi mhainneachtanaí tromchúiseacha i dtaobh dlí agus dualgais faoi Achtanna na gCuideachtaí. Rud suntasach a tharla sa réimse sin ab ea go ndearnadh Bhreithiúnas sa Chúirt Uachtarach a dheonaigh achomharc OSFC i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte i 2007 gan stiúrtóir agus iniúchóir a dhícháiliú. Tá faisnéis bhreise ar an gcás sin i **Léiriú 2.2.1** thíos.

### Imeachtaí Forfheidhmithe OSFC

I 2010 thug OSFC go ndearnadh ciontú in ocht gcás choiriúla (cuireadh dhá chúiseamh breise san áireamh) agus dícháiliú i gcás amháin maidir le sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí agus ar dhualgais faoi dhlí na gcuideachtaí. Coimrítear na sonraí sin móide a mhacasamhail de shonraí ó 2009 sa tábla thíos.

Torthaí Rathúla ar Imeachtaí Forfheidhmithe Dlíthiúla	2009	2010
Cúisimh a ndearnadh ciontuithe ina leith	6	8
Cúisimh a cuireadh san áireamh ar ciontú	12	2
Dícháiliúcháin	10	1
Cinntí eile	1	-
<b>Iomlán</b>	<b>29</b>	<b>11</b>

Ghlac an Oifig páirt i 2010 i deich gcinn d'imeachtaí forfheidhmithe coiriúla agus sibhialta leithleacha os comhair na gCúirteanna; bhí ceithre cinn ar siúl sa Chúirt Uachtarach, trí cinn san Ard-Chúirt agus trí cinn arís sa Chúirt Dúiche.

Rinne an Oifig iarratas freisin ar ocht gcinn breise d'orduithe cúirte agus d'fhaoisimh eile; san Ard-Chúirt a rinneadh trí cinn díobh agus rinneadh cúig cinn sa Chúirt Dúiche nó ina macasamhail de chúirt thar lear.

Is léir ón bhfordhearcadh ar stádas agus ar thoradh na n-imeachtaí sin agus imeachtaí dlíthiúla eile in **Aguisín 2.2.1** go raibh rath ar obair na hOifige den chuid is mó sna himeachtaí sin i 2010 mar ab amhlaidh sna blianta a chuaigh roimhe.

Déantar miontuairisc ar na himeachtaí forfheidhmíúcháin amháin in **Aguisín 2.2.2** agus tá sonraí cáis ansin freisin. I gcomhréir le cleachtas OSFC foilsíodh achoimre gach cáis ar an suíomh idirlín [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie) i 2010.

Is é ath-imscaradh leanúnach acmhainní foirne OSFC lena gcur chun fónamh in imeachtaí áirithe ag Anglo Irish Bank agus in obair imscrúdaithe ar thuarascálacha leachtaitheora atá méadaithe go mór agus ar gá déileáil leo laistigh de thráthchlár reachtúil is mó is cúis leis an laghdú ar láimhdeachas cásanna. Go sonrach bhí laghdú mór ar infhaighteacht acmhainní Garda le haghaidh imscrúduithe coiriúla OSFC mar gheall ar obair Anglo.

### Caingne Forfheidhmithe Sibhialta

Bhí 13 chaingean um dhícháiliúcháin<sup>41</sup> fós os comhair na gCúirteanna Uachtaracha ag tosach na bliana 2010. Cuireadh ceithre cinn díobh i gcrích i 2010 agus cuireadh tús le sé imeacht bhreise. Bhí cúig cinn díobhsan i gcoinne cuideachtaí dócmhainneacha díscáilte agus is éard a bhí sa cheann eile iarratas ar ordú Ard-Chúirte<sup>42</sup> a gcuirfeadh iallach ar leachtaitheoir tuarascáil thar téarma a chur isteach ar chuideachta dhócmhainneach faoi leachtú.

Maidir leis na hachomhairc os comhair na Cúirte Uachtaraí bhí ocht gcinn i gcrích nó mórán i gcrích faoi cheann 2010. Le linn dhearbhuú na ndícháiliúcháin sin san Ard-Chúirt caitheadh amach achomharc amháin i gcoinne dícháiliúcháin beirt stiúrtóir. Bhain an dara cás le breithiúnas tábhachtach maidir le cuspoir agus le cur i bhfeidhm an chórais dícháilithe; pléitear níos mine é i **Léiriú 2.2.1** thíos. Bhain an tríú cás le hachomharc ó iarstiúrtóir feidhmeannach sinsearach National Irish Bank i gcoinne a dhícháilithe; cuirfear críoch leis an éisteacht i 2011. Bhí ceithre achomharc eile ó iarbhainisteoirí sinsearacha National Irish Bank chomh maith le cás dícháilithe a bhain le stiúrtóirí gnó tógála fós ag fanacht ar éisteacht ag deireadh na bliana.

<sup>41</sup> Rinneadh na caingne dícháiliúcháin sin uile faoi Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

<sup>42</sup> Faoi Alt 371 (arna leasú) d'Acht na gCuideachtaí 1963.



**Léiriú 2.2.1: An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcoinne Patrick McCann**

An 30 Samhain 2010 rinne an Chúirt Uachtarach cinneadh d'aon ghuth i bhfabhar OSFC agus dheonaigh a hachomharc i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte i 2007 an t-iaratas ar dícháiliúcháin an chuntasóra agus an iniúcháora Patrick McCann a dhiúltú. Ghníomhaigh an tUasal McCann mar stiúrthóir agus mar iniúcháir ar Kentford Securities Ltd., cuideachta ar baineadh úsáid aisti chun airgead a tharchur sna 1980aidí deireanacha agus sna luath-1990aidí. Níor chomhoibrigh sé leis na bhfiosrúcháin a bhí ar siúl ó 1992 go 2002 a rinne an t-oifigeach údaraithe Gerry Ryan thar ceann an Aire a bhí ann ag an am.

Cinneadh maidir le calaois, le sárú dualgais nó le hacmhainn a chuid oibre a bheith in easnamh i nduine an bonn príomha ar a ndéantar ordú dícháiliúcháin. Cinneadh san Ard-Chúirt i 2009 go raibh gach rud ar ghearán OSFC fúthu cruthaithe ach d'fheidhmigh an Chúirt a rogha breithiúnach gan an tUasal McCann a dhícháiliú. Agus sin á dhéanamh aici chuir an Chúirt roinnt tosa maolaithe san áireamh, an méid ama a bhí imithe thart, an cultúr ag an am, beagthábhacht ról an Uasail McCann sna himeachtaí agus an dochar a dhéanfadh ordú dícháilithe dá shlí bheatha ghairmiúil. Ina theannta sin mheas an Chúirt gurb é an slat tomhais ba thúisce a d'úsáidfidh agus breithniú á dhéanamh aici cé acu duine a dhícháiliú nó gan a dhícháiliú breathnú ar aghaidh féachaint an gcuirfeadh an pearsa sin an pobal i mbaol san am a bhí le teacht.

Ba chúis mhór bhuartha an cinneadh sin do OSFC toisc go mb'fhacthas go ndearna sé neamhaird ar mhí-iompar san am a bhí caite (beag beann ar thromchúiseacht an mhí-iompair sin). Dá seasfaí leis an gcinneadh sin bheadh sé an-deacair orduithe dícháilithe a fháil sa todhcháil. Laghdódh sin go mór an t-ionchas dlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú go cuí agus go cothrom sa Stát. Bheadh scarúint cleachtais dhlíthiúil na hÉireann ón gcleachtas i ndlínsí inchomparáide eile (a leithéidí Tuisceart na hÉireann nó Sasana) ann dá thoradh.

Ar an dea-uair chinn an Chúirt Uachtarach go raibh éifeacht charntha ghníomhaíochtaí an Uasail McCann tromchúiseach agus go raibh údar lena dhícháiliú. D'admhaigh an Chúirt dá mbeadh cur chuige na hArd-Chúirte i réim go laghdófaí go suntasach éifeacht an chórais dícháiliúcháin atá ann faoi láthair. Dúirt an Chúirt Uachtarach go raibh roinnt eilimintí éagsúla in Alt 160 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus gurbh é an iompar san am a bhí thart an slat tomhais ab fhearr chun cinneadh a dhéanamh faoi dhícháiliúcháin. Tá an eilimint bhachta follasach in Alt 160 agus cuspóir eile atá aige is ea feabhas a chur ar rialachas corparáideach.

Tar éis di aighneachtaí a éisteacht i mí na Feabhra 2011 chinn an Chúirt Uachtarach go raibh údar le téarma dícháiliúcháin dhá bhliain. Dheonaigh sí costais an achomhairc do OSFC freisin.

Fáiltítear roimh an mbreith de bhrí go gcuireann sá an critéar le haghaidh dícháiliúcháin 'ar ais ar an mbealach ceart' in imthosca ina raibh cinneadh bunaidh na hArd-Chúirte sách nuálach. Déanfaidh an cinneadh fónamh dá réir mar fhasach tábhachtach.

Tugadh chun críche trí chás dícháiliúcháin i rith na bliana ag leibhéal na hArd-Chúirte; bhain siad le stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscailte a bhí bainte de Chlár na gCuideachtaí mar gheall ar loiceadh tuairisceáin bhliantúla neamhchláraithe a chlárú. Tarraingíodh siar sraith imeachtaí amháin i ndiaidh do na stiúrthóirí an chuideachta dhíscailte a chur ar ais ar Chlár na gCuideachta agus an chuideachta a chur faoi leachtú. Dar le OSFC ba réiteach an-sásúil é sin. I gcás eile dícháilíodh ar feadh tréimhse sé bliana stiúrthóir ar thrí chuideachta a baineadh den Chlár. Tá faisnéis bhreise ar an gcás sin i **Léiriú 2.2.2** thíos. Sa tríú cás d'fheidhmigh an Chúirt an rogha atá aici gan stiúrthóir a dhícháiliú. Tharraing OSFC siar níos luaithe na himeachtaí a bhí tionscanta aici i gcoinne stiúrthóir eile tar éis measúnú a dhéanamh ar bhreise faisnéise a tháinig isteach i ndiaidh thosach na n-imeachtaí.

Bhí dhá chás dícháiliúcháin eile a bhain le hiarbhainisteoirí National Irish Bank fós ar siúl ag leibhéal na hArd-Chúirte ag deireadh na bliana 2010.

**Léiriú 2.2.2: Dícháiliúcháin Shaun Blackburn, stiúrthóir RFS Group Ltd, Rybur Construction Ltd agus Shankill Retail Trading Ltd roimh díscailte na gcuideachtaí sin ag Clárúitheoir na gCuideachtaí**

Ar iaratas OSFC dhícháiligh an Ard-Chúirt Shaun Blackburn ar feadh sé bliana an 17 Bealtaine 2010 ag éirí as Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990. Dheonaigh an Chúirt costais do OSFC freisin. Chuir an Chúirt san áireamh imthosca géaraitheacha an cháis agus dliteanais de níos mó ná €100,000. Ar na himthosca sin áirítear uiríll bhréagacha a thabhairt do OSFC mar iarracht a áiteamh uirthi gan imeachtaí forfheidhmithe a thionscnamh.

Ba stiúrthóir é an tUasal Blackburn ar Shankill Retail Trading Ltd, RFS Group Ltd agus Rybur Construction Ltd tráth ar baineadh de Chlár na gCuideachtaí iad mar gheall ar loiceadh gan tuairisceáin bhliantúla a chlárú le linn dóibh bheith dócmhainneach. Mar fhreagairt ar litir rabhaidh reachtúil OSFC a thug cuireadh dó uiríoll a dhéanamh maidir le himeachtaí dícháilithe a bhí beartaithe aici chuir an tUasal Blackburn in iúl gur ghníomhaigh sé mar ghníomhaire eagair don chuideachta agus mar sin amháin. Chuir sé cuntais isteach le haghaidh dhá cheann de na cuideachtaí agus sínithe a chomhstiúrthóirí leo in imthosca nach raibh na cuntais údaraithe acu. Ní hamháin sin ach bhí le tuiscint ó chuntais cheann de na cuideachtaí nár thrádáil sí mar gheall ar éagmais sócmhainní agus dliteanais ar a clár comhardaithe an t-am a baineadh den Chlár í; sheas an tUasal Blackburn leis sin ar feadh an chuid is luaithe de na himeachtaí Cúirte. Ghlac sé leis ar deireadh thiar áfach go raibh sé gafa le gnó na cuideachta a sheoladh, gur thrádáil sí agus go raibh dliteanais aici an t-am ar baineadh den Chlár í.

## Caingne Forfheidhmithe Coiriúla

Saothraíodh ceithre ionchúiseamh maidir le sárúithe ar dhlí na gcuideachtaí i 2010. Bhain dhá cheann díobh sin le loiceadh cuideachtaí leabhair chuí chuntais a coinneáil<sup>43</sup>; thug an Oifig go ndearnadh ciontú i gceann amháin díobh sin i rith na bliana. Bhíothas ag feitheamh ar éisteacht maidir leis an dara cás ag deireadh na bliana.

Bhain an dá ionchúiseamh eile le pearsana neamhcháilithe a bhí ag gníomhú mar iniúchóirí<sup>44</sup>. Pléitear in **Léiriú 2.2.3** cúinsí ceann amháin de na cásanna sin inar ciontaíodh duine aonair amháin i seacht gcúiseamh. Sraith chúiseamh ar a n-áirítear soláthar faisnéise bréaga<sup>45</sup> a bhí i gceist leis an gcás eile. Cé gur éisteadh an cás ag deireadh na bliana bhí éisteacht leithleach socraithe i gclár na bliana 2011 chun pianbhreith a ghearradh.

### Léiriú 2.2.3: An Stiúrthóir um Fhorfheidhmíú Corparáideach i gcoinne Brian Byrne

I mí na Feabhra 2008 chuir Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhneithe in Éirinn tuarascáil chuig OSFC ag fógairt chinneadh Bhinse Disciplíneach na hInstitiúide gur ghníomhaigh iarchomhalta dá cuid Brian Byrne mar iniúchóir gan bheith údaraithe chuige sin. Ainmníodh an dá chuideachta lena mbaineann sa tuarascáil a nochtaigh an sárú sin ar Alt 187 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Seo a leanas na gníomhaíochtaí a cuimsíodh in imscrúdú OSFC ar an sárú a líomhnaíodh:

- mionráiteas finné a ghlacadh ó Rúnaí na hInstitiúide. Dearbhaíodh leis sin nach raibh creidiúnú ag an Uasal Byrne chun gníomhú mar iniúchóir cláraithe ó mhí Iúil 2005 go mí Eanáir 2008;
- braitheadh tar éis dul i mbun comhoibrithe le Oifig Chláraitheoir na gCuideachtaí (OCC) gur chuir an tUasal Byrne seirbhís iniúchára ar fáil do roinnt cuideachtaí eile;
- glacadh ráitis finné ó stiúrthóirí roinnt cuideachtaí cliant a ndearna an tUasal Byrne 'iniúchadh' ar a gcuid chuntas;
- glacadh ráitis ó oifigigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus ó oifigigh na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a bhí ann ag an tráth;
- rinneadh agallamh leis an Uasal Byrne ar roinnt ócáidí agus
- fuarthas seilbh ar an gcruthúnais a theastaigh i bhfoirm dhoiciméid agus deimhneithe ó OCC agus ó na sé chomhlacht cuntasaíochta aitheanta.

Líomhnaíodh in imeachtaí achomaire OSFC gur ghníomhaigh Brian Byrne, a sheol gnó faoi ainm agus faoi stíl Byrne and Associates, Certified Public Accountants, mar iniúchóir ar seacht gcuideachta tráth nach raibh sé cáilithe chuige sin faoi Alt 187.

Éisteadh an cás i gCúirt Dúiche Chill Manntáin an 22 Meitheamh 2020 agus tar éis don Uasal Byrne pléadáil chiontachta a dhéanamh chiontaigh an Chúirt é i leith seacht gcinn de na cúisimh agus gearradh fineálacha de €3,500 air. Chuir an Chúirt an dá chúiseamh eile san áireamh.

## Iarratais Leachtaitheora ar Shrianadh agus ar Dhícháiliúchán

Tá tagairt déanta thuas sa Tuarascáil seo do ról an OSFC maidir le leachtaitheoirí a scaoileadh ón dualgas reachtúil atá orthu imeachtaí srianta a thionscnamh i gcoinne stiúrthóirí cuideachtaí faoi leachtú. Sa chás go n-eisíonn an Oifig cinntí maidir le 'gan faoiseamh' nó le 'páirtfhaoiseamh' beidh ceangal dlíthiúil ar leachtaitheoirí imeachtaí um shrianadh a thionscnamh san Ard-Chúirt.

I 2010 rinneadh an Ard-Chúirt cinneadh maidir le 98 iarratas ar shrianadh (68 i 2009). Rinneadh stiúrthóirí amháin nó níos mó a shrianadh nó a dhícháili i 97 cás (62 i 2009), méid ab ionann agus 99% den iomlán (91% i 2009). Ní dhearnadh ordú srianta i gcás amháin (sé cinn i 2009)<sup>46</sup>. Tá sé le tuiscint ó na torthaí sin go bhfuil ag éirí leis an OSFC i gcónaí cásanna a oireann do chaingean san Ard-Chúirt a aithint.

Maidir le stiúrthóirí aonair srianadh 156 stiúrthóir i 2010 (108 i 2009); dícháilíodh ochtar stiúrthóir (12 i 2009), agus ní dhearnadh aon orduithe i gcoinne seisear stiúrthóir (11 i 2009). Ciallaíonn sin go ndearna an Chúirt orduithe i leith 96% de na 170 stiúrthóir (92% i 2009) a bhí ina n-ábhar d'imeachtaí um shrianadh nó dhícháiliúchán i 2010.

Maidir leis na himeachtaí um shrianadh a cuireadh i gcrích san Ard-Chúirt i 2010 léirítear in **Aguisín 2.2.3** a ghabhann leis an Tuarascáil seo toradh na gcásanna inar forchuireadh orduithe um shrianadh agus tugtar ainmneacha na ndaoine a bhí i gceist.

D'eisigh an Chúirt Uachtarach i 2010 breithiúnas an-tábhachtach maidir le feidhmíú an chórais um shrianadh. Bhain an cás le hordú um shrianadh a rinne an Ard-Chúirt i 2005 i gcoinne stiúrthóirí an ghrúpa cuideachtaí Mitek. Léirítear in **Léiriú 2.2.4** Breithiúnas sin na hArd-Chúirte ina ndearnadh anailís chuimsitheach ar an dlí a bhaineann le hAlt 150 d'Acht na gCuideachtaí 1990.<sup>47</sup>

43 Alt 202(10) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

44 Alt 187(9) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

45 Alt 242(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

46 Yellowstone C&D Ltd (Uimhir Chuideachta 396076).

47 Tá cóip den Bhreithiúnas sa chás seo ar fáil ag [www.courts.ie](http://www.courts.ie).

#### Léiriú 2.2.4: Re Mitek Holdings Ltd, Mitek Pharmaceuticals Ltd, Mitek Ltd (a chuaigh tráth faoin ainm Antigen Holdings Ltd, Antigen Pharmaceuticals Ltd agus Antigen Ltd faoi seach) agus Castleholding Investment Company Ltd

Ag éirí as Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Finlay Geoghegan an 21 Feabhra 2005, rinneadh an Ard-Chúirt ordú um shrianadh ar an Dr. Jack Kachkar agus ar Robert McClellan Carrigan ar feadh cúig bliana an 10 Bealtaine 2005. Ina dhiaidh sin rinne na freagróirí achomharc i gcoinne a srianta leis an gCúirt Uachtarach.

Sa Bhreithiúnas a rinne an Chúirt Uachtarach an 13 Bealtaine 2010 rinneadh anailís chuimsitheach ar an dlí a bhaineann le srianadh agus rinneadh machnamh go sonrach ar ról stiúrthóirí cuideachta go háirithe i gcás ina raibh 'cúrsaí airgeadais ag dul rite' le cuideachta nó le grúpa cuideachtaí.

Mar achoimre, ba é cinneadh na Cúirte go bhfuil, i gcás stiúrthóirí feidhmeannacha agus neamhfheidhmeannacha, dhá chatagóir dhualgais a mbreithneofar iompar freagrach i gcomhréir leo, cé gur gá gach cás a bhaineann le freagracht stiúrthóra a bhreithniú i gcomhthéacs na bhfíricí a bhaineann leis an gcás sin amháin.

Ar an gcéad dul síos breithneofar oiread an chomhlíontais i leith dualgas reachtúil faoi Achtanna na gCuideachtaí (ar a n-áirítear leabhair agus taifid na cuideachta a choinneáil go cuí).

Ar an dara dul síos déanfar measúnú ar chomhlíontas i leith dualgas faoi dhlí coitianta. Cuimseofar leis sin go sonrach a oiread is a bhí gnó tráchtála na cuideachta bainistithe go cuí ag stiúrthóirí sa chaoi gur cinntigh siad go raibh faisnéis chuí acu ar staid na cuideachta agus go ndearna siad cinntí cuí bunaithe ar an bhfaisnéis sin. Cuimseofar leis freisin a oiread is a d'aithin stiúrthóirí cearta creidiúnaithe agus a oiread is a chinntigh siad go raibh sócmhainní cuideachta dáilte go cuí go háirithe in imthosca dócmhainneacha.

Ghlac an Chúirt leis go raibh difríocht iarbhair ann de ghnáth idir dualgais stiúrthóirí feidhmeannacha agus dualgais stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha. Is gnách go mbíonn an dream dara-luaite spleách ar an dream céadluaite maidir le faisnéis ar ghnáthchúrsaí agus ar chúrsaí airgid cuideachta; is mó na dualgais a chuirtear ar an dream céadluaite dá réir. Go sonrach ní mór do stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha faisnéis a bhailiú maidir le gnó cuideachta agus lena ndualgais mar stiúrthóirí.

Tá cásanna ann nach mbíonn ach ról nó tionchar beag ag stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha ach ní hamhlaidh a bhí sa chás seo i bhfianaise an idirchaidrimh idir cuideachtaí agus stiúrthóirí an ghrúpa ina iomláine. Dhearbhaigh an Chúirt cinneadh na hArd-Chúirte dá réir nár ghníomhaigh na stiúrthóirí go freagrach le linn dóibh bintiúir a chruthú mar urrús agus le linn dóibh aistrithe áirithe a cheadú tráth a raibh na cuideachtaí dócmhainneach.

Ainmnítear in **Aguisín 2.2.4** na hocht stiúrthóir ar chuideachtaí dócmhainneacha a dícháilíodh in imeachtaí leachtaitheora i 2010 maille leis na tréimhsí a bhain leis na dícháilíúcháin. Tá léiriú gearr i **Léiriú 2.2.5** a ghabhann leis ar na himthosca a bhain leis na cásanna sin. Molann OSFC roinnt leachtaitheoirí as a thoilteanaí a bhíonn siad i gcónaí imeachtaí dícháilithe maidir le mí-iompar tromchúiseach braite a thionscnamh agus tá an Stiúrthóir muiníneach as go dtionscnófar a macasamhail de chásanna i 2011.

#### Léiriú 2.2.5: Cuideachtaí Dócmhainneacha – Dícháilíúcháin Leachtaitheoirí i 2010

Dícháilíodh Halina Ubermanowicz, stiúrthóir Advanced Cosmetic Surgery Ltd, ar feadh ocht mbliana. Srianadh a comhstiúrthóir Deborah Ashdown ar feadh cúig bliana. D'éist an Chúirt fianaise maidir le híocaíochtaí de níos mó ná €2 milliún ó chistí cuideachta do dhuine de na stiúrthóirí, iarpháirtí an stiúrthóra agus maidir le sárúithe stiúrthóirí ar na dualgais muiníne atá acu i leith chreidiúnaithe na cuideachta. Ina theannta sin lig na stiúrthóirí don chuideachta dul i mbun trádála ar feadh roinnt bliana gan árachas míchleachtais nó gan soláthar leordhóthaineach a dhéanamh i gcoinne éileamh míchleachtais de shárú ar a ndualgais d'othair.

Cuireadh téarmaí dícháilithe cúig bliana ar David Tevlin, iarstiúrthóir airgeadais International Screen Ltd. D'éist an Chúirt fianaise gur chuir an tUasal Tevlin faisnéis fhalsaithe airgeadais i gcúrsaíocht chuig a triúr chomhstiúrthóirí a cheil feidhmíocht trádála iarbhair na cuideachta agus gur fhalsaigh sé tuairisceáin CBL agus tuairisceán cáin ÍMAT/ÁSPC ar feadh tréimhse cheithre bliana. D'fhalsaigh sé cuntais iniúchta a bhain le dhá bhliain chuntais freisin, bhrionnaigh sé sínithe iniúcháir agus stiúrthóirí na cuideachta ar na leaganacha a cláraíodh le Cláráitheoir na gCuideachtaí agus bhrionnaigh sé sínithe na stiúrthóirí ar na tuairisceáin bliantúla a bhain leis na cuntais sin.

Dícháilíodh Paul De Brit agus Bronwyn O'Dea, stiúrthóirí Wix Wood Ltd, ar feadh sé bliana an duine. D'éist an Chúirt fianaise maidir le cleachtais chuntasaíochta mírialta ag an gcuideachta. Cé gur thug na stiúrthóirí aitheantas ina gcuid chuntas don ioncam ó dhíolacháin chuir siad ar athló aitheantas a thabhairt do na costais a bhain leo agus chuir as a riocht dá réir feidhmiúchán airgeadais na cuideachta. Nuair a bhí lag trá ar an láimhdeachas níos deireanaí níorbh fhéidir comhardú a dhéanamh idir na costais neamhfhabhráithe agus an titim ar ioncam ón díolachán. Tríd is tríd measadh go raibh gar do €500,000 amuigh ag creidiúnaithe ar an gcuideachta ag am a leachtaithe; bhí níos mó ná €118,000 amuigh ag chreidiúnaí amháin. Bhí na stiúrthóirí ag áiteamh freisin go raibh €125,000 amuigh acu ar an gcuideachta cé go raibh €15,000 amuigh ag an cuideachta orthusan i ndáiríre. Dhearbhaigh na stiúrthóirí freisin nach raibh de dhilleanais chánach orthu ag am leachtaithe ach €1,000 cé gur i ngiorracht €125,000 a bhí siad i ndáiríre.

Dícháilíodh Richard agus William McCafferty, stiúrthóirí McCafferty Developments Ltd, ar feadh sé bliana an duine. D'éist an Chúirt fianaise gur bhain na stiúrthóirí úsáid as airgead na cuideachta chun a stíl bheatha phearsanta a mhaoiniú agus gur aistrigh siad cistí dá cuid go dtí a gcuntais bhainc phearsanta féin. Mar shampla, ceannaíodh carr a chosain €77,000 as cistí na cuideachta agus cláraíodh é in ainm an phríomhstiúrthóra. Rinne na stiúrthóirí neamhaird dá n-oibleagáidí cánach agus lean leo ag trádáil nuair ba cheart dóibh bheith feasach faoi go raibh an chuideachta dócmhainneach. Ní raibh an leachtaitheoir in ann figiúr a chur leis an dliteanas cánach toisc nach ndearnadh aon tuairisceán cánach; níor coinníodh cuntais iniúchta ná bhainistíochta ach oiread. Ina theannta sin chlis ar na stiúrthóirí comhoibriú leis an leachtaitheoir agus chlis orthu ráiteas cúrsaí a ullmhú fiú nuair a d'ordaigh an Ard-Chúirt dóibh é sin a dhéanamh.

Cuireadh téarma dícháilithe ar feadh sé bliain ar Mark Ralph, stiúrthóir ar Del Val Taverns Ltd. freisin. D'éist an Chúirt fianaise gur chlis ar an gcuideachta leabhair agus taifid chúí a choinneáil, tuairisceáin chánach a chlárú agus a dliteanais a íoc. Níor cuireadh sonraí 360 íocaíocht de níos mó ná €760,000 ina n-iomláine a íocadh as cuntas bainc na cuideachta ar fáil don leachtaitheoir.

Dícháilíodh Ciaran Brady, stiúrthóir ar Owen Crinigan Motors Ltd ar feadh cúig bliana. D'éist an Chúirt fianaise ar chaiteachas suntasach pearsanta a rinne an tUasal Brady trí úsáid a bhaint as carta creidmheasa na cuideachta, ar laghdú ar a chuntas iasachta stiúrthóra ab ionann agus íocaíocht fhabhrach, ar aistriú cairr leis an Uasal Brady chuig an gcuideachta agus luach curtha leis a chiallaigh cailteanas de €57,000 don chuideachta agus ar taifeadadh mícheart ar idirbheartaíochtaí eile i dtaifid na cuideachta.

## Dícháiliúcháin agus Srianta i gCoitinne

Coinníonn Cláraitheoir na gCuideachtaí chun dáta cláir na bpearsana srianta agus dícháilithe agus cuirtear áis chuardaithe phoiblí na gclár sin ar fáil ar líne ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

Bhí 244 duine dícháilithe ag deireadh na bliana 2010 ag éirí as orduithe na hArd-Chúirte a d'eascair as sárúithe ar dhlí na gcuideachtaí; ina measc bhí seisear dhuine aonair a dícháilíodh de bharr a gciontaithe as loiceadh a ndícháilichán i ndlínse eile<sup>48</sup> a fhógairt agus cúigear eile a dícháilíodh de bharr a gciontaithe as gníomhú mar stiúrthóirí le linn dóibh bheith srianta<sup>49</sup>. Meastar go bhfuil 3,200 duine breise ainmnithe ar Chlár na nDaoine Dícháilithe de bhrí go ndearnadh ciontú coiriúil cáilitheach<sup>50</sup> ina leith. Bheadh ciontuithe i gcalaois cuimsithe sna ciontuithe sin.

Tríd is tríd, bhí méadú ar líon na ndaoine srianta ó 538 go 589. Cuirtear in iúl sa tábla a leanas líon na ndaoine srianta ag deireadh gach bliana ó 2006 i leith.

## Líon na Stiúrthóirí srianta ó dheireadh 2006 go deireadh 2010 go huile

Deireadh - 2006	Deireadh - 2007	Deireadh - 2008	Deireadh - 2009	Deireadh - 2010
685	791	624	538	589

## Conclúid

Mar a chuirtear in iúl thuas bhí srian ar ghníomhaíocht choiriúil agus forfheidhmithe na hOifige i 2010 de bharr ath-imscaradh leanúnach acmhainní foirne lena gcur chun fónamh in imeachtaí áirithe ag Anglo Irish Bank agus in obair imscrúdaithe ar thuarascálacha leachtaitheora atá méadaithe go mór agus ar gá déileáil leo laistigh de thráthchlár reachtúil. Cás sonrach ba ea an laghdú mór ar na hacmhainní Garda a bhí ar fáil d'imscrúduithe coiriúla OSFC.

In ainneoin na mbrúnna neamhghnácha sin ghlac an Oifig roinnt bearta i rith na bliana 2010 chun leibhéal réasúnta láimhdeachais i réimse an fhorfheidhmithe a chinntiú. Orthu sin bhí:

- níos mó úsáide a bhaint as gnáthfhoireann OSFC chun ráitis finnéithe a ghlacadh in imscrúduithe coiriúla. Beidh an fhoireann Gharda á cur féin chun fónamh chun agallaimh a chur ar dhaoine a bhfuil amhras faoi go bhfuil siad ciontach i gcion;
- foireann dlí a ath-shannadh d'fhorbairt agus do bhainistiú cásanna arbh fhéidir go dtionscnófar caingne dícháilithe i leith;
- úsáid níos fearr a bhaint as an rogha leighis atá ar fáil faoi Alt 371 d'Acht na bliana 1963 (arna leasú) chun moill leachtaitheoirí tuarascálacha a chur chug an Oifig a réiteach.

Beidh tairbhe na gcinntí sin soiléir i 2011 agus cuideoidh sé chun an meath a bhí ar ghníomhaíocht forfheidhmithe le deireanas a iompú ar ais ar an treo ceart. Ach ní bheidh mórán fuinneamh i ngníomhaíocht forfheidhmithe ó riachtanas a fhad is a mhairfidh imscrúdú Anglo.

48 Alt 160(1A) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

49 Alt 161(2) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

50 Alt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.